



**NCCA**

An Chomhairle Náisiúnta  
Curaclaim agus Measúnachta  
National Council for  
Curriculum and Assessment

# Straitéis Chumarsáide, 2023 - 2025

Meán Fómhair 2023



## An Clár Ábhar

---

FORBHREATHNÚ.....	1
TORTHAÍ AN ATHBHREITHNITHE.....	2
COLÚIN NA CUMARSÁIDE.....	3
CUMARSÁID: CUSPÓIRÍ AGUS NITHE INSOLÁTHARTHA.....	5
SEASAMH AGUS TEACHTAIREACHTAÍ AN PHOBAIL.....	8
BEALAÍ CUMARSÁIDE.....	10
BEARTA FEIDHMÍOCHTA.....	11
Bearta cainníochtúla.....	11
Bearta cáilíochtúla.....	12
AMLÍNE BHLIANTÚIL: DOICIMÉAD BEO.....	14
AGUISÍN 1: PRIONSABAIL BARCELONA.....	14

## Forbhreathnú

---

Is comhlacht reachtúil faoi choimirce na Roinne Oideachais í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Bíonn CNCM ag obair le comhpháirtithe oideachais agus páirtithe leasmhara níos leithne d'fhonn an curaclam a mhúnlú do pháistí agus scoláirí in Éirinn. Cuireann CNCM comhairle ar an Aire Oideachais faoi chúrsaí curaclaim agus measúnaithe don oideachas luathóige, do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna.

Is é ról na straitéise cumarsáide seo ná breac-chuntas a thabhairt ar an gconair chun obair agus saineolas CNCM agus an t-aschur a sholáthraíonn sí maidir le curaclam agus measúnú a chur chun cinn. Cuirfidh sé le cáil CNCM freisin agus cabhróidh sé le hiontaoibh níos mó agus tuiscint níos fearr a chothú ina cuid oibre.

Tá an straitéis thar an eagraíocht ar fad, ag cuimsiú gach gné de CNCM agus spriocanna foriomlána na heagraíochta á gcur san áireamh ag leibhéal ard agus a ailíníonn na cuspóirí cumarsáide le Plean Straitéiseach CNCM 2022-2025. Forbraíodh gníomhaíochtaí d'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach agus na spriocanna eagraíochtúla a chur i gcrích.

Is iad aidhmeanna na straitéise cumarsáide seo ná:

- Tacú le cuspóirí eagraíochtúla foriomlána CNCM
- Teagmháil éifeachtach a dhéanamh le príomhpháirtithe agus le príomhpháirtithe leasmhara
- Léiriú go bhfuil ag éirí le hobair CNCM ar fud an churaclaim agus an mheasúnaithe
- Cinntiú go dtuigeann daoine ról agus freagracht CNCM.

Agus an straitéis chumarsáide seo á forbairt, rinne Carr Communications athbhreithniú, ag ardleibhéal, ar

- Phlean Straitéiseach de chuid CNCM 2022 -2025
- Shuíomh gréasáin and cainéil shóisialta CNCM
- Chumarsáid de chuid CNCM
- An timpeallacht ina bhfeidhmíonn CNCM faoi láthair.

Chomh maith leis seo rinne Carr Communications an méid seo a leanas:

- Thug siad faoi iniúchadh ar pháirtithe leasmhara agus labhair sé le príomhpháirtithe leasmhara
- Chuir siad dhá fhócasghrúpa le chéile:
  - Ceardlann chomhairle CNCM
  - Ceardlann foirne CNCM

## Torthaí an athbhreithnithe

---

Tá an tírdhreach oideachais ag athrú i gcónaí de réir mar a athraíonn an tsochaí agus mar sin is féidir athrú teacht ar an ngá atá le curaclaim nua nó nuashonraithe. Is féidir leis an gcumarsáid cabhrú linn ár bhfís thábhachtach a dhaingniú, is í sin go mbeidh gach páiste agus scoláire in ann eispéiris thaitneamhacha, rannpháirteacha, ábhartha agus atá dúshlánach go cuí a bheith acu, eispéiris a thacóidh le foghlaim, maireachtáil, cúnaimh, cúram, agus obair i saol a bhíonn ag athrú i gcónaí.

Déanann an t-athbhreithniú atá déanta ag Carr Communications eolas don straitéis. Bhraith os cionn 75% de na daoine ar labhair Carr Communications leo go raibh gá le feabhas ar chúrsaí cumarsáide. Cé gur bhraith go leor go bhfuil CNCM éifeachtach ó thaobh a cuid oibre de, agus go n-imríonn sí tionchar dearfach, ní thagann seo trasna i gcónaí. Tá cuid den phobal nach bhfuil á bhaint amach go héifeachtach aici nó cuid den phobal nach bhfuil soiléir ar a cuid teachtaireachtaí. Tá muinín acu siúd a théann i dteagmháil le foireann agus comhairle CNCM as an eagraíocht, ach braitheann siad go bhfuil easpa trédhearcachta agus faisnéise ann, in amanna, agus cruthaíonn sé seo bearna dóibh siúd nach bhfuil i dteagmháil leanúnach nó a bhfuil cúis acu labhairt go díreach le CNCM.

Is minic a bhíonn sé deacair obair CNCM a chur in iúl agus ní bhíonn sé éasca i gcónaí do roinnt páirtithe leasmhara tuiscint a fháil ar an obair, tuismitheoirí nó scoláirí san áireamh. Ní bhaineann seo le heaspa cumais cúrsaí a thuiscint ach le nádúr gnóthach a saoil agus mar gheall ar thosaíochtaí contrártha a bhfuil a n-aird dírithe orthu. Cuireann sé béim ar an bhfreagracht atá ar CNCM faisnéis ábhartha a chur i láthair i bhformáid inrochtana. Is léir i measc go leor páirtithe leasmhara go bhfuil dúshlán leanúnach ann maidir leis an bpróiseas agus na córais a thacaíonn le hobair agus cinntí de chuid CNCM a léiriú. Tá sé tábhachtach go bhfuil sé seo trédhearcach agus go mbraitheann an pobal gur léiriú atá ann ar ionchur agus go bhfuil sé tacaithe ag próiseas oscailte neamhchlaonta atá bunaithe ar bhreithiúnas iontaofa. Tá dúshlán suntasach ann freisin maidir le scéal CNCM a insint, an luach a bhaineann léi don Rialtas agus don tsochaí, an tábhacht a bhaineann le curaclaim mhaithe do pháistí agus don scoláire agus don tsochaí i gcoitinne.

Leanfaidh forbairt agus cur i bhfeidhm na straitéise cumarsáide seo ag tógáil ar an mbunús láidir muiníne a chuir na daoine a chuaigh i dteagmháil go pearsanta le CNCM in iúl le linn an athbhreithnithe ag Carr Communications.

Le linn na straitéise seo beidh roinnt tosaíochtaí ann nach mór aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach straitéiseach. Bíonn tionchar ag an timpeallacht ina bhfuil siad siúd a bhfuil an teachtaireacht dírithe orthu agus dá bharr sin cuirtear na rudaí seo a leanas san áireamh:

- An gá atá le tuiscint a fháil ar fhaisnéis CNCM agus ar ról CNCM chomh maith leis an ngá atá le dul i bhfeidhm i dtimpeallacht chumarsáide atá plódaithe.
- Tuiscint a chur chun cinn go bhfuil eolas agus fianaise mar bhonn faoi chinntí CNCM.
- An gá atá ann le pobal a bhaint amach san áit a bhfuil siad agus ar bhealach ar féidir leo idirghníomhú le CNCM, in áit fanacht go dtí go dtagann an pobal chuig CNCM iad féin.
- An gá atá le freagracht agus trédhearcacht.


Mar fhocal scoir, tá sé tábhachtach aird a thabhairt ar thírdhreach athraitheach na cumarsáide in Éirinn. Teastaíonn faisnéis atá tapa, inrochtana agus inghníomhaithe. Ag leanúint ar aghaidh ag plé leis na meáin chraolta thraidisiúnta agus leis na meáin chlóite náisiúnta, tá gá le méadú ar ghníomhaíocht ag leibhéal áitiúil, áit a bhfuil muintín sna meáin níos airde. Tá gá leis an ngníomhaíocht chéanna ar na meáin shóisialta a úsáideann pobail óga níos mó agus níos mó mar phríomhfhoinsé faisnéise acu.

## Colúin na cumarsáide

Tá cumarsáid den scoth ríthábhachtach do cháil CNCM agus chun muintín na bpáirtithe leasmhara a chothú agus a threisiú in CNCM. Tá sé tábhachtach go dtuigfí an cur chuige i leith na cumarsáide agus tá creat láidir ag teastáil a thugann treoir maidir le treo agus béim na cumarsáide chun go mbeidh an straitéis seo éifeachtach.

Chun na heilimintí éagsúla a thabhairt le chéile cuirtear an cur chuige i láthair faoi cholúin chumarsáide is féidir a úsáid chun feidhm a bhaint as acmhainní agus éifeachtacht a thomhas faoi gach eilimint thar shaolré na straitéise. Tá na colúin seo (Fíor 1) bunaithe ar an taighde agus ar an aiseolas a fuarthas i bhforbairt na straitéise.

### Fíor 1: COLÚIN NA CUMARSÁIDE



Beidh tascanna straitéiseacha ar leith ag teastáil ó na ceithre cholún seo le linn na straitéise. Tá athrú cláir i gceist leis seo agus beidh gá le go leor gnéithe éagsúla den eagraíocht a bheith páirteach ann. Chun na ceithre cholún seo a chur i bhfeidhm go hiomlán, beidh gá leis an straitéis a threorú agus a eagrú ó phointe aonair. Is féidir leis seo a chinntiú go mbaintear torthaí amach agus go dtacaíonn agus go bhfuil tuisceant ag na foirne éagsúla ar na hathruithe. Is iad seo a leanas na tascanna straitéiseacha a shainnítear faoin athrú seo:

## Eolas

- Athbhreithniú rollach a dhéanamh ar fhormáidí doiciméad na Comhairle atá le déanamh chomh maith le cinneadh a dhéanamh maidir le haon chur chuige nua atá beartaithe i leith formáid de réir threoirlínte brandála Rialtas na hÉireann. Go háirithe, ba cheart measúnú a dhéanamh ar dhoiciméid taighde d'fhonn achoimrí soiléire a fháil ar an saothar agus ar mhionsonraí tábhachtacha.
- Miondealú domhain pobail a chur i bhfeidhm le bealaí ar leith a aithint do phobail ar leith.

## Comhoibriú

- Lean ar aghaidh ag roinnt na Ríomh-nuachtlitreach (*eolas@cncm*) le síntiúsóirí agus leas níos mó a bhaint as seo mar rogha maidir le cumarsáid agus aiseolas dhá bhealach.
- Formáidí éagsúla a chur ar fáil chun gach uasdátú nuachta a roinnt le páirtithe leasmhara ionas go mbeidh siad ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú thar fhorbairtí éagsúla.
- Úsáid a bhaint as plé inmheánach leanúnach ar aiseolas a fhaightear le himeacht ama (bíodh sé ad hoc nó ar bhonn eagraithe) chun cuimsitheacht a chinntiú agus forbairt a dhéanamh leis an bpobal le himeacht ama.

## Iontaoibh

- Infheictheacht na Comhairle a fhorbairt níos mó, chomh maith le hinfheictheacht a cuid oibre, agus a foirne. Beidh grianghraif de bhaill na Comhairle agus den Bhainistíocht Shinsearach (POF, Leas-phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, Ceann na Seirbhísí Corparáideacha) le feiceáil ar shuíomh gréasáin corparáideach CNCM.
- Treoir a fhorbairt do pháirtithe leasmhara maidir leis an gcaoi a ndéantar cinntí faoi churaclam nó faoi thionscadail. Tógfaidh sé seo ar fhaisnéis atá ann cheana ach le cur chuige níos spriocdhírthe i leith pobail ar leith ag amanna ar leith.
- Níos mó trédhearcachta a chur ar fáil maidir leis na príomhshonraí a raibh tionchar acu ar chinntí agus ar an gcaoi a ndearnadh an cinneadh, go háirithe dóibh siúd a chuireann leis an bpróiseas.

## Inrochtaineacht

- Monatóireacht a dhéanamh ar shuíomhanna gréasáin agus ar ardáin meán sóisialta CNCM atá ann cheana féin mar uirlisí cumarsáide.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár teanga i gcumarsáid sheachtrach lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht leis an Treoir Stíle do Ghnáth-Bhéarla don tSeirbhís Phoiblí agus go gcuireann sé an t-eolas riachtanach ar fáil. Go háirithe, ba cheart athruithe agus treoirlínte simplí a chur i bhfeidhm chun eagarthóireacht a éascú agus chun bogadh de réir a chéile i dtreo cumarsáide atá níos simplí agus níos díri nuair is féidir.
- Feasacht a mhéadú ar an gcaoi a bhforbraíonn CNCM a comhairle maidir le curaclaim agus measúnú ach eolas a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara i bhformáidí éagsúla.

**Beidh an Stiúrtóir chomh maith le Grúpa Oibre Cumarsáide faoi stiúir na Foirne Ardbhainistíochta freagrach as an straitéis seo. Déanfaidh an Grúpa Oibre na tascanna mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Cumarsáide. Tuairisceoidh an Grúpa go tréimhsiúil ar ghníomhartha a glacadh chun obair atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta a chur chun cinn.**

## Cumarsáid: Cuspóirí agus nithe insoláthartha

Tá cuspóirí cumarsáide CNCM nasctha leis na trí Sprioc Straitéiseacha a leagtar amach i bPlean Straitéiseach na Comhairle 2022-2025 agus aithníonn siad an chumarsáid mar Chumasóir Straitéiseach 4.

Chun na nithe insoláthartha atá leagtha amach thíos a bhaint amach agus le cinntiú go bhfuilimid ar an mbóthar ceart ó thaobh cumarsáide de, déanfaimid na nithe insoláthartha ardleibhéil seo a ailíniú le Plean Gníomhaíochta Cumarsáide. Déanfar athbhreithniú ar an bplean seo gach bliain den straitéis chumarsáide lena chinntiú go bhfuilimid ag obair i dtreo ár Spriocanna Straitéiseacha a bhaint amach.

Éistfimid freisin leis na comhpháirtithe oideachais agus leis na páirtithe leasmhara oideachais níos leithne agus rachaimid i dteagmháil leo lena chinntiú go bhfuilimid ag freastal ar a gcuid riachtanas cumarsáide.

Lena chinntiú go bhfuilimid ar an mbóthar ceart i gcónaí déanfar Ceardlann ar Chumarsáid Straitéiseach gach bliain leis an bhFoireann Ardbhainistíochta d'fhonn an pobal atá mar thosaíocht don bhliain sin a aithint. Déanfar sraith de phríomhtheachtaireachtaí uileghabhálacha a fhorbairt a chlúdaíonn gach réimse den eagraíocht agus creat teachtaireachtaí ginearálta a chruthú uaidh seo a roinnfear i measc gach duine san eagraíocht. Déanfar seo ionas go gcuirfidh gach duine a labhraíonn go poiblí ar CNCM na teachtaireachtaí seo ina luí ina gcuid cainte.

**Tábla 1: Spriocanna and nithe insoláthartha cumarsáide**

Spriocanna straitéiseacha	Cuspóirí cumarsáide	Nithe insoláthartha
<b>Sprioc Straitéiseach 1: Curaclam agus Measúnacht</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Feasacht a chruthú ar an obair a dhéanann CNCM ar fud earnálacha agus thar aistrithe oideachais.</li> <li>• Foghlaim, teagasc agus measúnú a chur chun cinn agus a léiriú chun tacú le gach páiste agus scoláire mar fhoghlaimoírí gafa gníomhacha le deiseanna maidir le rogha agus cinnteoireacht.</li> </ul> <p>Ar mhaith leis seo a bhaint amach, cinnteoidimid go dtuigfidh na páirtithe leasmhara oideachais agus an pobal i gcoitinne ról CNCM ionas gur féidir leo tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a gcuirtear comhairle curaclaim agus measúnaithe le chéile agus ar na</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Amlíne chumarsáide bhliantúil ardleibhéil a chomhlánú do gach earnáil. Na tosaíochtaí do chumarsáid sa bhliain amach romhainn a leagan amach do gach earnáil ar mhaithe leis an obair atá ag teacht aníos a aithint agus a chur in iúl. M.sh., imeachtaí cumarsáide straitéiseacha atá mar thosaíochtaí don bhliain sin, imeachtaí páirtithe leasmhara atá beartaithe an bhliain sin, nuashonruithe curaclaim, aon phríomhdhátáí eile etc.</li> <li>• Feachtais chumarsáide a fhorbairt agus a chur i</li> </ul>



	<p>buntáistí a bhaineann leis an bpróiseas dóibh agus do shochaí na hÉireann ar an iomlán.</p> <p>Cuimsíonn sé seo obair thar gach colún den straitéis ach tabharfaidh sé aghaidh go príomha ar 'Na colúin Eolais agus Inrochtaineachta '.</p>	<p>bhfeidhm<sup>1</sup> leis na teachtaireachtaí atá comhaontaithe áit a bhfuil gá dul chun cinn a chur in iúl m.sh., Aistear a Nuashonrú, Athfhorbairt Curaclaim Bunscoile; Athbhreithnithe luatha curtha i bhfeidhm ar Athfhorbairtí na Sraithe Sóisearaí nó na Sraithe Sinsearaí, athruithe curaclaim, agus taighde.</p> <ul style="list-style-type: none"><li>• Cruinniú inmheánach eolais a eagrú tar éis gach feachtas. Cinntigh go ndéantar an méid atá foghlamtha a chur le gach feachtas amach anseo.</li><li>• Athbhreithniú rollach a dhéanamh ar shuíomhanna gréasáin CNCM le linn na straitéise seo chun na rudaí atá ag obair faoi láthair agus nach bhfuil ag obair a aithint.</li><li>• Athbhreithniú rollach a dhéanamh ar na cainéil meán sóisialta atá ann cheana chun measúnú a dhéanamh ar a gcumas cur le straitéis meán sóisialta.</li><li>• Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar Straitéis agus Beartas maidir leis na Meáin Shóisialta chomh maith le hiad a chur i bhfeidhm</li></ul>
--	--	---

---

<sup>1</sup> \*IS FÉIDIR LE FEACHTAIS CHUMARSÁIDE A BHEITH CHOMH SIMPLÍ LE NUASHONRÚ AR AN SUÍOMH GRÉASÁIN, SRAITH DE NUASHONRUITHE AR NA MEÁIN SHÓISIALTA AR ÁBHAR ÁIRITHE, FEACHTAS MEÁN SÓISIALTA IOMLÁN SRL.

		<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ábhar orgánach ar na meáin shóisialta a chur ar fáil do gach feachtas cumarsáide.</li> </ul>
<p><b>Spríoc straitéiseach 2: Rannpháirtíocht agus Comhoibriú</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Feasacht a chur chun cinn i measc príomhpháirtithe leasmhara agus eolas a roinnt maidir le comhairle curaclaim agus measúnaithe.</li> </ul> <p>Leis seo a bhaint amach, oibreoimid le múinteoirí agus tabharfaimid tacaíocht dóibh, chomh maith le ceannairí scoile, oideachasóirí luathbhlianta, an páiste, an scoláire, tuismitheoirí agus na comhpháirtithe san oideachas chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm curaclaim agus measúnaithe, toilleadh a chothú le haghaidh athraithe, agus bealaí chun oibriú as lámh a chéile a shamhaltú.</p> <p>Cabhróidh gnéithe den obair seo le dul i ngleic leis na colúin 'Eolas, comhoibriú agus iontaoibh'.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tabhairt faoi cheardlanna le foirne tionscadail le teachtaireachtaí a fhorbairt d'fheachtais agus don suíomh gréasáin áit a bhfuil réimse casta le cur in iúl ionas go mbeidh gach duine ar aon fhocal ina dteachtaireachtaí agus ar fud na mbealaí go léir. Déantar é seo le cinntiú go bhfuil ár dteachtaireachtaí simplí agus aontaithe againn do gach lucht féachana.</li> <li>• Athbhreithniú Bliana ar CNCM a chur le chéile agus a chur amach ar bhonn bliantúil leis an Tuarascáil Bhliantúil chun obair CNCM a chur chun cinn i measc an spriocphobail.</li> <li>• Obair a dhéanamh le tríú páirtí chun suirbhé tuismitheoirí/scoláirí/páistí a dhéanamh gach 2-3 bliana maidir le tuiscint ar churaclam agus an gá atá le hathrú chun cur leis an gcumarsáid don Athbhreithniú Bliana.</li> <li>• Iniúchadh a dhéanamh ar Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara gach 2 - 3 bliana chun tagarmharcáil a dhéanamh ar leibhéal tuisceana reatha na bpáirtithe leasmhara ar CNCM, a ról, a héifeachtacht srl.</li> </ul>
<p><b>Spríoc straitéiseach 3: Eolas agus Taighde</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Fianaise taighde láidir agus chríochnúil de chuid CNCM a chur in iúl.</li> <li>• CNCM a shuí mar Údarás atá freagrach as forbairt oideachais, curaclaim agus measúnú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• CNCM a shuí mar an tÚdarás atá freagrach mar abhcóide ar son oideachais agus curaclam. Déan seo ach amanna tábhachtacha a aithint i rith na bliana inar féidir le CNCM a</li> </ul>

	<p>Chun é sin a bhaint amach, beimid réamhghníomhach agus cuirfimid muid féin trasna mar urlabhraithe agus abhcóidí ar son an oideachais. Roinnfimid ár dtaighde go réamhghníomhach leis na páirtithe leasmhara go léir i bhformáid atá intuigthe ionas gur féidir le gach pobal é a thuiscint.</p> <p>Cabhróidh an obair seo le dul i ngleic leis na colúin iontaobhe, comhoibríthe agus inrochtaineachta.</p>	<p>bheith mar urlabhraí ar oideachas agus ar churaclaim ag baint úsáid as an gcorpas fianaise a chuirtear ar fáil chun tacú le do sheasamh. Is féidir é seo a bheith i bhfoirm blaganna ar shuíomh gréasáin, eagarfhocail tuairimíochta chuig soláthraithe meáin, ag labhairt ag príomhimeachtaí tionscail ábhartha agus agallaimh chraolta srl.</p> <ul style="list-style-type: none"><li>• Oiliúint ábhartha cumarsáide / meán a chur ar fáil do bhainistíocht shinsearach agus stiúrthóirí CNCM.</li><li>• Ambasadóirí cumarsáide a dhéanamh san eagraíocht ach oiliúint ábhair a sholáthraíonn fostaithe a chur ar fáil.</li><li>• Oiliúint nó tacaíocht sna meáin a chur ar fáil sula gcuireann baill foirne le feachtas ar an raidió.</li></ul>
--	---	---

## Seasamh agus teachtaireachtaí an phobail

Tá baint amach na gcuspóirí cumarsáide a leagadh amach níos luaithe mar bhonn agus mar thaca ag an Straitéis Chumarsáide. Ar mhaithe le cabhrú le cur i bhfeidhm Thábla Straitéise 2 tugtar breac-chuntas ar na poist ar mian linn go mbraithfeadh an pobal go bhfuil ionchur acu orthu faoi dheireadh na Straitéise. Tá sé tábhachtach go gcoimeádfar an sprioc seo i gcuimhne mar go gcabhróidh sé le measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus pleananna le linn an chur i bhfeidhm.

Cuireann an tábla compás ar fáil do threo na n-acmhainní agus na béime sa chumarsáid ionas gur féidir leis an bpobal cuspóir na bhfeachtas a fheiceáil agus an dul chun cinn a mheas.

### Tábla 2: Príomhphobal

Pobal	Seasamh an phobail a bhfuilimid ag súil leis	Príomhthéamaí / príomhtheachtaireachtaí
Oideachasóirí atá ann cheana agus oideachasóirí féideartha (oideachasóirí luathbhlianta, múinteoirí, ceannairí scoile)	Eolach Ar an eolas	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tá gach oideachasóir eolach ar a bhfuil le tairiscint ag CNCM nó tá a fhios acu gur féidir leo teacht chuig CNCM chun comhairle agus an taighde is déanaí a fháil.</li> <li>• Cuirtear oideachasóirí ar an eolas agus suas chun dáta leis na próisis oideolaíocha is déanaí go mbeidh siad in ann cleachtais foghlama, teagaisc agus mheasúnaithe atá bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil.</li> </ul>
Tuismitheoirí / Páistí / Scoláirí	Ar an eolas	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Is gníomhaireacht stáit fheidhmiúil agus éifeachtach í CNCM.</li> <li>• Tá CNCM neamhchlaonta, trédhearcach agus is saineolaithe iad ina ról.</li> <li>• Tá páistí agus scoláirí ar intinn CNCM nuair atá comhairle curaclaim agus measúnaithe á bhforbairt acu.</li> <li>• Tá sé mar aidhm ag CNCM cur ar chumas gach duine óg a bheith faoi bhláth agus barr a gcumais a bhaint amach, chun rogha agus solúbthacht a bheith acu ina n-eispéiris, agus go dtugtar ómós, tacaíocht agus cumhacht dóibh mar shaoránaigh óga.</li> </ul>
Foireann CNCM	Eolach agus ar an eolas	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Is gníomhaireacht stáit fheidhmiúil agus éifeachtach í CNCM.</li> <li>• Tá CNCM neamhchlaonta, trédhearcach agus is saineolaithe iad ina ról.</li> <li>• Is abhcóide mé ar son CNCM agus tá mé bródúil as seo.</li> </ul>
An Roinn Oideachais	Eolach agus údarásach ar obair CNCM	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ach curaclaim nua atá bunaithe ar fhianaise a chur i bhfeidhm is féidir leis an Rialtas leas a bhaint as na buntáistí a bhaineann le deachleachtais oideachais i réimse a bhfuil tábhacht bhunúsach ag baint leis dár ngeilleagar amach anseo, ní hamháin do ghnó agus don chomhshaol ach don saoránach freisin.</li> </ul>

		<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cinntíonn CNCM go bhfuil an teacht céanna ag gach duine a dteastaíonn siad uathu ar thacaíochtaí a bhaineann le curaclam agus measúnú.</li> <li>• Is gníomhaireacht stáit fheidhmiúil agus éifeachtach í CNCM.</li> </ul>
Taighde / An Saol Acadúil	Saineolaí earnála a bhfuil an-seasamh acu, áisitheoir	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tá an t-eolas is déanaí ar churaclaim ag CNCM.</li> <li>• Tá CNCM eolach agus saineolach ina réimse féin agus is comhpháirtí den scoth í.</li> <li>• Tá CNCM ag iarraidh oideolaíochtaí éifeachtacha a chinntiú chun tacú le gach páiste agus le gach scoláire.</li> </ul>
Gníomhaireachtaí stáit agus rialtóirí eile	Eolach ar ról CNCM	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tá an t-eolas agus an fhianaise is déanaí ar churaclaim ag CNCM.</li> <li>• Tá CNCM eolach agus saineolach ina réimse agus is comhpháirtí den scoth í.</li> <li>• Is gníomhaireacht stáit fheidhmiúil agus éifeachtach í CNCM.</li> </ul>
Meáin	Is sainfhoinsé ábhair agus sonraí í CNCM	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tá sonraí agus fianaise oibiachtúil ag CNCM a chuireann a pobal ar an eolas.</li> <li>• Is gníomhaireacht stáit éifeachtach agus fheidhmiúil í CNCM atá ina údarás ar churaclam agus ar mheasúnú.</li> <li>• Tá CNCM sásta páirt a ghlacadh i bplé agus i ndíospóireachtaí nuair is cuí.</li> </ul>

## Bealaí Cumarsáide

Tá na bealaí agus na huirlisí ar féidir le CNCM úsáid a bhaint astu le linn na straitéise cumarsáide chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal leagtha amach i dTábla 3.

**Tábla 3: Bealaí Cumarsáide**

Meáin: Náisiúnta, idirnáisiúnta, réigiúnach agus áitiúil	Cruinnithe agus imeachtaí	Caidreamh le páirtithe leasmhara
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cló</li> <li>• Raidió</li> <li>• Teilifís</li> <li>• Irisí trádála/speisialtóra</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cumarsáid aghaidh ar aghaidh</li> <li>• Seimineáir</li> <li>• Comhdhálacha</li> <li>• Ceardlanna</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tuairiscí</li> <li>• Litríocht</li> <li>• Comhlachtaí gairmiúla agus Ceardchumainn (mar bhealach)</li> <li>• Roinn (mar bhealach)</li> </ul>
Na meáin dhigiteacha	Post díreach	Fógraíocht / urraíocht
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ríomhphost</li> <li>• Ríomh-nuachtlitir</li> <li>• Suíomh gréasáin</li> <li>• Na meáin shóisialta</li> <li>• Meáin nuachta ar líne</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Comhfhreagras</li> <li>• Litríocht</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Fógraí / urraíocht clóite</li> <li>• Fógraí / urraíocht raidió</li> <li>• Fógraí / urraíocht teilifíse</li> <li>• Fógraí ar líne</li> <li>• Gradaim / Taispeántais</li> </ul>

## Bearta feidhmíochta

Tá sé tábhachtach go ndéanfaimis tionchar ár gcuid oibre a thomhas lena chinntiú go bhfuil ár gcuspóirí straitéiseacha agus cumarsáide foriomlána á mbaint amach. Léireoidh córas tomhais atá deartha go cuí nuair atá na cuspóirí inmhianaithe á mbaint amach ag gníomhaíochtaí chomh maith le heolas a thabhairt ar chinntí maidir leis an ngníomhaíocht a bheachtú, athbhreithniú a dhéanamh uirthi nó stop a chur léi.

Beidh tomhas dírithe, nuair is féidir, ar **na torthaí** bainte amach ag an gcumarsáid, i gcoibhneas le cuspóirí luaite. Déantar éifeachtacht a shocrú trí mheasúnú a dhéanamh ar **na hionchuir agus na haschuir** a raibh na torthaí mar thoradh orthu.

Bainfidimid úsáid as seacht bPrionsabal Barcelona (Féach Aguisín 1) mar chreat chun tionchar ár gcuid oibre leis an bpobal a thomhas chun a chinntiú go bhfuil ár gcuspóirí cumarsáide foriomlána á mbaint amach agus chun a chinntiú go ndéantar dearbhú cáilíochta ag gach céim d'fheachtais a bhaint amach.

Tugtar breac-chuntas thíos ar mheascán de bhearta cáilíochtúla agus cainníochtúla agus ar an gcineál PTFanna a chuirfear i bhfeidhm ar fud ár gcuid oibre.

## Bearta cainníochtúla

### Tomhas na Meán

Bainimid úsáid as Prionsabail Barcelona mar chreat chun éifeachtacht ár gcuid oibre PR a mheas. Áireofar seo a leanas sa chur chuige:

- an scaipeadh (lucht léitheoireachta/éisteachta/lucht féachana) an méid atá clúdaithe sna meáin

### Tomhas na Meán Sóisialta

Ar na meáin shóisialta tá CNCM gníomhach ar X, ar a dtugtaí Twitter, agus ar Facebook, Instagram agus LinkedIn. Beidh dea-chleachtas i bhfeidhm ar fud gach ardán CNCM maidir le méadrachtaí tomhais. Beidh tomhas bunaithe ar luach mar chuid dár gcur chuige agus áireofar a leanas ar a laghad i ngach tuarascáil:

- rannpháirtíocht ábhair
- scaipeadh ábhair
- fás i lucht leanúna.

### Tomhas an tSuímh Gréasáin

Is é suíomh gréasáin corparáideach CNCM chomh maith le *curriculumonline.ie* agus *aistearsiolta.ie* aghaidh ár siopa go bunúsach agus is minic gurb iad an chéad áit a rachaidh duine ar lorg eolais faoin eagraíocht agus faoina cuid oibre. Úsáidtear na suíomhanna gréasáin le haghaidh 'treoracha chun gnímh' do dhaoine ar mian leo tuilleadh eolais a fháil faoi fheachtas. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht suímh gréasáin chun a chinntiú go bhfuil cuairteoirí ag fáil na faisnéise a theastaíonn uathu ar an mbealach ar mian leo teacht uirthi. Agus muid ag tuairisciú ar ár gcuid oibre cumarsáide, áireimid:

- líon na gcuariteoirí ar an suíomh gréasáin
  - preabrata
  - meán-am a chaitear ar an suíomh gréasáin
- suíomh ginearálta na gcuariteoirí ar fud na hÉireann agus an domhain mar aon le staitisticí ábhartha eile de réir mar is gá.

## Bearta cáilíochtúla

### Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

Bainfidimid úsáid as suirbhé tagarmhairc de chineál éigin chun leibhéil feasachta a mheas ar fud spriocphobal comhaontaithe.

**Agus athbhreithniú á dhéanamh againn ar éifeachtacht na straitéise seo agus ag ullmhú do straitéis amach anseo, comhoibreimid le Comhlacht Cumarsáide chun seirbhísí gairmiúla breise a sholáthar lasmuigh de shaineolas agus de thacar scileanna fhoireann CNCM chun seo a leanas a chur ar fáil:**

- **Suirbhé Feasachta Tuismitheoirí/Páistí/an Scoláire:** chun dearcadh tuismitheoirí/páistí/an scoláire maidir le hoideachas curaclaim agus feasacht maidir le CNCM a mheas (gach dhá / trí bliana). Is foinse sonraí úsáideach agus luachmhar é seo de chleasa nuachta a úsáidtear go minic le hathbhreithnithe bliantúla nó tuarascálacha bliantúla. Is cleachtas clú branda é seo chun feasacht ar CNCM a chothú i measc an phobail i gcoitinne.

- **Iníúchadh ar Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara:** chun an dearcadh is déanaí a mheas i measc páirtithe leasmhara atá mar thosaíochtaí i leith CNCM. Is próiseas é seo a ligeann dúinn seasamh reatha CNCM le páirtithe leasmhara a mheas (mar a rinneamar i bhforbairt na Straitéise seo) agus na modhanna cumarsáide is fearr a aithint chun caidrimh a fheabhsú. (gach dhá / trí bliana chun dul chun cinn a thagarmharcáil).

Déanfar Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) a mheas go bliantúil. Nuair a bhainimid bliain iomlán oibre amach, mar chuid de chur i bhfeidhm na Straitéise Cumarsáide, beimid in ann athbhreithniú a dhéanamh ar PTFanna nua a agus PTFanna nua a thabhairt isteach, mar shampla, méadú X% ar scaipeadh trí PR.

Déanfar athbhreithniú dhá uair sa bhliain ar an méid atá bainte amach ag na PTFanna, chun dul chun cinn a mheas agus chun a chinntiú go bhfuilimid ar an mbóthar ceart chun na cuspóirí cumarsáide atá leagtha amach do CNCM a bhaint amach.

**Tábla 4: Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna)**

Gníomhaíocht	PTFanna – Fud amlíne na straitéise
Foilseacháin	Foilsíú na Tuarascála Bliantúla ina mbeidh Achoimre ar an Athbhreithniú Bliana san áireamh
Imeachtaí	- 5 imeacht ar a laghad do pháirtithe leasmhara in aghaidh na bliana
Ríomh-nuachtlitir CNCM ( <i>info@ncca.ie</i> )	- 3 nuachtlitir ar a laghad a eisítear i rith na bliana, ceann in aghaidh na ráithe - Méadú 5% ar an ráta oscailte - Méadú 5% ar shíntiúis
An Gréasán	- Méadú 5% ar sheisiúin sa bhliain iomlán. - Méadú 30 soicind ar aga stoptha sa bhliain iomlán. - Preabrata a laghdú 5% ar an meán sa bhliain iomlán
Na meáin shóisialta	- Athbhreithniú ar Straitéis na Meán Sóisialta - Fás 5% ar leantóirí 'X' - Fás 10% ar leantóirí Instagram - Fás 5% ar leantóirí LinkedIn - Fás 5% ar leantóirí Facebook
Ábhar digiteach	- Suíomhanna gréasáin a ndearnadh athbhreithniú orthu agus a ndéantar monatóireacht orthu maidir le hinrochtaineacht - Íosmhéid x 12 de mhír nuachta foilsithe ar an suíomh gréasáin [1 in aghaidh na míosa]
Feasacht / uasoiliúint chumarsáide	- Oiliúint chumarsáide / ar na meáin curtha ar fáil



## Amlíne bhliantúil: Doiciméad beo

---

Tá **Plean Gníomhaíochta Cumarsáide CNCM** suite faoin straitéis chumarsáide seo agus tá sé ailínithe leis na cuspóirí cumarsáide agus na nithe insoláthartha atá leagtha amach anseo lena chinntiú go gcomhlíonfaimid ár spriocanna thar shaolré na straitéise.

## Aguisín 1: Prionsabail Barcelona

---

Is iad Prionsabail Barcelona ná sraith de threoirlínte chun éifeachtúlacht cumarsáide a thomhas. D'aontaigh speisialtóirí PR ó 33 tír ar na prionsabail nuair a tháinig siad le chéile in Barcelona in 2010 le haghaidh cruinniú mullaigh a thionóil an Cumann Idirnáisiúnta um Thomhas agus Meastóireacht Cumarsáide.

Déanann seacht bPrionsabal Barcelona 3.0 (2020) eolas don straitéis seo.

1. Tá sé riachtanach spriocanna a leagan amach maidir le pleanáil, tomhas agus meastóireacht cumarsáide.
  2. Ba cheart aschuir, torthaí agus tionchar féideartha a shainaithint trí thomhas agus meastóireacht a dhéanamh.
  3. Ba cheart torthaí agus tionchar a shainaithint do pháirtithe leasmhara, don tsochaí agus don eagraíocht.
  4. Ba cheart anailís cháilíochtúil agus chainníochtúil araon a bheith san áireamh sa tomhas agus sa mheastóireacht cumarsáide.
  5. Ní hionann Coibhéis Luach Fógraíochta (AVE) agus luach na cumarsáide. Ní mór do thomhas cumarsáide a bheith líonmhar, caolchúiseach agus ilghnéitheach chun tionchar na cumarsáide a thuiscint.
  6. Cuimsíonn tomhas agus meastóireacht cumarsáide iomlánaíoch gach bealach ábhartha ar líne agus as líne
  7. Tá tomhas agus meastóireacht chumarsáide fréamhaithe in ionracas agus trédhearcacht le foghlaim agus tuiscint a spreagadh
-





**NCCA**

An Chomhairle Náisiúnta  
Curraclain agus Measúnachta  
National Council for  
Curriculum and Assessment